Monarcha babhlaí

Déantar foireann babhlaí i monarcha ina bhfuil sé bhabhla de mhéideanna éagsúla. Bogann crios iompair fada na babhlaí ar aghaidh ceann ar cheann, ó chlé go deas. Bíonn na sé bhabhla a bhaineann le gach foireann in ord randamach. Sula ndéantar na babhlaí a phacáil, caithfidh an cruth seo a bheith orthu:



Cuireann an mhonarcha na hoibrithe ag obair ag áiteanna éagsúla ar an gcrios iompair chun na babhlaí a shocrú. Nuair a théann na sé bhabhla chomh fada le hoibrí, déanann siad dhá bhabhla ar bith atá in aice lena chéile agus iad san ord mícheart a mhalartú. Déanann an t-oibrí é seo go dtí go dteánn na sé bhabhla thairis. Taispeántar sa léaráid an tslí a n-athraíonn ord na mbabhlaí agus iad ag dul thar oibrí amháin.



CEIST

Cá mhéad oibrí a n-imeoidh an fhoireann babhlaí seo tharstu sula mbeidh siad san ord ceart?

A. 1
B. 2
C. 3
D. 4



Computational thinking resources for teachers by Maynooth University – pact.cs.nuim.ie
Original © 2015 Bebras, modifications © 2020 Maynooth University, Licence: CC-BY-NC-SA 4.0
Aistriúchán Gaeilge arna mhaoiniú ag COGG